

Scoil Chrónáin

An tSráid Mhór, Ráth Cúil, Contae Átha Cliath D24 YW81

Fón: 01 4588889

Ríomhphost: oifig@scoilchronainie

www.scoilchronain.ie

Scoil Chrónáin



Mol an Óige

25/03/2026

Ábhar: Cumarsáid faoi Chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta – An Tuarascáil Chomhaontaithe

A Thuismitheoirí, a Chaomhnóirí agus a Chomhaltaí Foirne, a Chairde,

Tá Bord Bainistíochta Scoil Chrónáin tiomanta do thrédhearcacht agus don phobal scoile a choinneáil ar an eolas faoi rialú agus faoi threo straitéiseach ár scoile.

Cé go bhfuil miontuairiscí iomlána chruinnithe an Bhoird faoi rún ag comhaltaí an Bhoird agus ag Pátrún na Scoile, ullmhaíonn an Bord "Tuarascáil Chomhaontaithe" tar éis gach cruinnithe.

Cad is brí leis an Tuarascáil Chomhaontaithe?

Is achoimre í an Tuarascáil Chomhaontaithe ar na príomhchinntí agus na nuashonruithe neamhrúnda a pléadh ag cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta. Is é an cuspóir atá léi ná a chinntiú go mbíonn an fhoireann agus na tuismitheoirí ar an eolas faoi nithe a théann i bhfeidhm ar thimpeallacht na scoile, ar pholasaithe, agus ar thionscadail atá le teacht.

Cén t-eolas a bhíonn san áireamh?

Go hiondúil, clúdaíonn an tuarascáil:


- Nuashonruithe ar Pholasaithe: Cur in iúl don phobal faoi pholasaithe scoile atá díreach daingnithe nó athbhreithnithe (m.sh. Frithbhulaíocht, Cosaint Leanaí, nó Rollú).
- Feabhsúcháin Scoile: Nuashonruithe ar oibreacha tógála, cothabháil, nó trealamh nua.
- An Curaclam & Imeachtaí: Eolas faoi thionscnaimh scoile, imeachtaí atá le teacht, nó athruithe ar fhéilire na scoile.
- Cúrsaí Airgeadais & Foirne: Nuashonruithe ginearálta ar mhaoiniú scoile nó ar cheapacháin foirne (nuair is cuí).

Cá bhfaighidh mé í?

Eiseofar an Tuarascáil Chomhaontaithe den chruinniú Boird deireanach go gairid tar éis gach cruinniú Boird agus scaipfear í trí r-phost agus beidh sí ar fáil ar suíomh gréasáin na scoile.

Is mór againn an chomhpháirtíocht idir an Bord, an fhoireann, agus ár dtuismitheoirí chun timpeallacht dhearfach a chruthú do gach dalta i bPobal Scoil Chrónáin.

Is mise, le meas,



Lara Nic Thiarnáin

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta